

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhean as Contae na Gaillimhe a bhfuil gradam ardleibhéil bainte amach aici san ealaín chomhraic *capoeira* (a woman who has achieved a high-level award in the martial art *capoeira*). Féach ar na pictiúir thíos. Ansin, bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléig na ceisteanna le chéile. Líonaigí isteach an tábla stór focal freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
ealaín chomhraic gradam damhsa	nearly gymnastics belt

1. Cén spórt troda nó ealaín chomhraic atá i ngach pictiúr?



2. An ndearna tú féin aon ealaín chomhraic nó spórt troda riamh?
(*Rinne mé x nuair a bhí mé óg. / Ní dhearna, ach ba bhreá liom ... / Ní maith liom spóirt troda ...*)
3. Cad a dhéanann tú i d'am saor?
(*Imrím ... / Téim ag ... / Bíim ag ... / Seinnim ...*)
4. Cén caitheamh aimsire nua ba mhaith leat a thriail? Cén fáth?
(*Ba mhaith liom x a thriail mar ... / Ba bhreá liom x a fhoghlaim ach níl an t-am agam.*)

B: FOCLÓIR

- Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball beag. Abair amach os ard iad agus déan iarracht iad a fhuaimniú i gceart. Ní gá go mbeadh siad ar eolas agat go fóill.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
iar-aisteoir gleacaíocht iarláithreoir ó dhúchas sclábhaithe cruthaíodh		crios aitheantas baiste baineann líofa	

Féach ar an mír den chéad uair anois agus cuir cluas ort féin do na focail sin.

- Agus tú ag obair leis an duine in aice leat, pléigí brí na bhfocal le chéile.
- Roghnaigh an focal ceart (A, B nó C) chun gach abairt a chríochnú.
 - Fuair sí _____ dubh sa júdó tar éis deich mbliana traenála.
A. *crios* B. *aitheantas* C. *gleacaíocht*
 - Is as Corcaigh í _____ ach tá cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath le fiche bliain.
A. *de bhunadh* B. *líofa* C. *ó dhúchas*
 - Ar an bhfoirm, caithfidh tú tic a chur le 'fireann' nó '_____'.
A. *líofa* B. *baineann* C. *baiste*
 - Léigh Síle an aimsir ar an teilifís ar feadh deich mbliana. Is _____ aimsire anois í.
A. *iarláithreoir* B. *iar-aisteoir* C. *baineann*
 - Tá Fraincis _____ ag Pádraig. Labhraíonn sé í gan stró ar bith.
A. *de bhunadh* B. *baineann* C. *líofa*
 - Fuair na haltraí _____ faoi dheireadh as an obair chrua a rinne siad.
A. *crios* B. *aitheantas* C. *sclábhaithe*
 - Fadó, tógadh na milliúin daoine ón Afraic agus díoladh iad mar _____.
A. *sclábhaithe* B. *iar-aisteoirí* C. *láithreoirí*
 - Bhí Dara ina aisteoir ar an gclár sin go dtí anuraidh. Is _____ anois é.
A. *iarláithreoir* B. *iar-aisteoir* C. *sclábhaí*
 - Rugadh mac do Sheán agus do Mháire, agus tá an t-ainm Oisín _____ air.
A. *baiste* B. *cruthaíodh* C. *ó dhúchas*
 - Bíonn gluaiseachtaí fisiciúla agus acrobatacha i gceist le _____, agus is spórt Oilimpeach í.
A. *crios* B. *aitheantas* C. *gleacaíocht*

xi. _____ spórt nua nuair a mheasc siad an pheil agus an rugbaí le chéile.

A. Baisteadh

B. Cruthaíodh

C. Tógadh

4. Cé acu de na frásaí thíos **nach gciallaíonn** 'nach mór'? A, B nó C?

A. *beagnach*

B. *chóir a bheith*

C. *an-mhór*

5. An bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach?

- i. Is de bhunadh na Brasaíle é an *samba*.
- ii. Is de bhunadh na hIodáile é Daidí na Nollag.
- iii. Is de bhunadh na hÉireann agus na Céinia é Barack Obama.
- iv. Is de bhunadh na Fraince í Emma Watson.
- v. Is de bhunadh na hAfraice é an cúscús.
- vi. Is de bhunadh na Brasaíle é an *tango*.
- vii. Is de bhunadh na Stát Aontaithe í Taylor Swift.



C: TUISCINT

Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Bronnadh an teideal <i>contramestre</i> ar Yvonne Ní Laife. Cén fáth a bhfuil sé sin suimiúil, dar le Siún?
2. Luaigh dhá rud a bhíonn measctha le chéile sa <i>capoeira</i> .
3. Sa bhliain 2026 a bronnadh an gradam seo ar Yvonne. Cén bhliain a ndearna sí a céad rang <i>capoeira</i> ?
A. 2000 B. 1990 C. 2010
4. Bhí Yvonne ina láithreoir spóirt ar TG4.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
5. Cé a bhí ag imirt <i>capoeira</i> ar dtús, dar le Yvonne?
6. Cén difríocht atá idir <i>capoeira</i> agus na healaíona comhraic eile, dar léi?
A. Ní bhíonn aon troid i gceist leis. B. Ní dhéantar é ach sa Bhrasaíl. C. Déantar é le ceol agus amhránaíocht.
7. Cá fhad atá Yvonne ag plé le <i>capoeira</i> ?
8. Cad a dhéanann Yvonne iarracht a dhéanamh ina cuid ranganna <i>capoeira</i> ?
A. An Ghaeilge agus cultúr na hÉireann a mheascadh isteach iontu. B. Daoine óga faoi bhun deich mbliana d'aois amháin a mhúineadh. C. Portaingéilis, Spáinnis agus Gaeilge a labhairt iontu.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na réamhfhocail shimplí)

- a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na samplaí de na réamhfhocail shimplí agus de na hainmfhocail thíos a bhí sa mhír. Cuirigí le chéile iad agus déanaigí cibé athrú is gá. Mínigí an t-athrú a rinne sibh. Tá an chéad cheann déanta..

Réamhfhocail + ainmfhocail	Le chéile	An t-athrú
ar + bean	<i>ar bhean</i>	<i>séimhiú</i>
do + mná		
de + bunadh		
ó + dúchas		
i + Cathair na Gaillimhe		
i + grá		
i + Portaingéilis		
le + ceol		

- b) Cuirigí na réamhfhocail seo sa bhosca ceart sa tábla thíos. Cuirigí * leis na cinn a chuireann h roimh ghutaí!

ag ar as chuig de do faoi go i le mar ó roimh thar trí

Séimhiú	Urú	Gan athrú

- c) Líonaigí na bearnaí leis an bhfoirm cheart:

- Téim go dtí rang *capoeira* _____ (i + Gaillimh) gach Máirt.
- Thug mé crios nua _____ (do + Pádraig).
- Bhí mé ag caint _____ (le + Áine) faoin rang.
- Fuair mé ticéad don chluiche _____ (ó + cara) liom.
- Bíonn sé ag caint _____ (ar + peil) an t-am ar fad.
- Tá cónaí ar Yvonne _____ (i + Éirinn), ach tá Portaingéilis líofa aici.
- Bhí sí ag obair _____ (mar + múinteoir) damhsa.
- Chuaigh siad _____ (go + Árainn) ar a laethanta saoire.
- Téim ag rith _____ (i + páirc) mhór gach maidin.
- Fuair mé bronntanas álainn _____ (ó + Deirdre).

E: CUMARSÁID

1: Caint – Roda na Gaeilge

Sa *capoeira*, seasann na himreoirí i gciorcail ar a dtugtar *roda*. Bíonn beirt ag imirt sa lár agus bíonn an chuid eile ag bualadh bos agus ag canadh. Déanfaimid *roda* Gaeilge anois ach is le focail a bheidh sibh ag troid!

- Seasaigí i gciorcail mór agus bíodh beirt i lár an chiorcail.
- Tabharfaidh an múinteoir catagóir daoibh (spóirt, caitheamh aimsire, bia, baill an choirp srl).
- Tosóidh gach duine sa chiorcail ag bualadh bos go rithimeach. Ar gach bualadh bos, caithfidh an bheirt **sa lár** sealanna a ghlacadh **ag rá focal** a bhaineann leis an gcatagóir.
- Má stopann siad, má deir siad focal atá ráite cheana nó má labhraíonn siad Béarla, caithfidh an duine sin an lár a fhágáil. Rachaidh duine nua isteach i lár an chiorcail ansin.
- An duine is faide a fhanann sa lár, is é nó is í Máistir na *Roda*!



2: Caint – Spóirt nua a chruthú

Cruthaíodh *capoeira* nuair a meascadh troid, damhsa agus ceol le chéile. Anois, is sibhse a bheidh ag cruthú spóirt nua. Oibrígí i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Roghnaigí dhá spóirt nó dhá chaitheamh aimsire agus meascaigí le chéile iad chun spóirt nua a chruthú (m.sh. ióga + *karaoke*; peil + damhsa Gaelach; cócaireacht + rothaíocht ...).

a) Pléigí:

- ainm an spóirt
- cé mhéad imreoir a bhíonn ann agus cá n-imrítear é
- trí riail a bhaineann leis
- an trealamh nó na héadaí a bhíonn ag teastáil

b) Déanaigí cur i láthair nóiméad amháin don rang. Bainigí úsáid as na frásaí seo:

- Is meascán de **x** agus **y** é.
- Imríonn beirt / seisear é. / Imrítear é i halla, ar pháirc ...
- Caithfidh tú ... / Ní cheadaítear ...
- Is spóirt iontach é mar ...

c) Vótáil:

Éistigí leis na grúpaí eile agus vótálaigí ar son an spóirt nua is fearr.

3: Scríobh

Scríobh teachtaireacht (thart ar 10 líne) chuig cara leat, ag tabhairt cuireadh dó/di teacht chuig rang trialach (*taster class*) de chaitheamh aimsire nua atá tosaithe agat féin – nó chuig rang *capoeira* le Yvonne! Inis dó/di:

- an spórt/caitheamh aimsire atá i gceist agus cén fáth ar bhain tú féin triail as
- an áit agus an uair a bheidh an rang ar siúl (bí cúramach leis na réamhfhocail!)
- an t-éadach nó an trealamh a bheidh ag teastáil
- an chúis a dtaitneoidh an spórt leis nó léi

4: Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

AN TRAS-SCRÍBHINN

Siún Nic Gearailt

Bronnadh gradam ardleibhéil san ealaín chomhraic de bhunadh na Brasaíle, *capoeira*, ar iar-aisteoir le Ros na Rún an deireadh seachtaine seo. Bronnadh an teideal *contramestre* ar Yvonne Ní Laife, an chéad uair riamh a leithéid a bheith bronta ar bhean lasmuigh den mBrasaíl¹.

Eibhlín Ní Choistealbha

Ealaín chomhraic nó ealaín troda de bhunadh na Brasaíle agus na hAfraice is ea *capoeira*, spórt a thugann gnéithe de throdaíocht chomhraic, rince, gleacaíocht agus ceol le chéile. Sa bhliain 2000 a dhein² an t-iar-aisteoir le Ros na Rún agus iarlaithreoir aimsire le TG4, Yvonne Ní Laife, ón bhFairche i gceantar Dhúiche Sheoigheach ó dhúchas, a céad rang *capoeira* ar dtús i gCathair na Gaillimhe. Agus thit sí go hiomlán i ngrá leis an spórt ón mBrasaíl.

Yvonne Ní Laife, An Fhairche

Is iad na daoine sa Bhrasaíl a bhí á imirt ag an tús, is dóigh, cúig, sé chéad bliain ó shin, ná iad siúd a tógadh ón Afraic mar sclábhaithe. Agus mar sin, bhí a gcuid troideanna féin, a gcuid damhsaí féin acu. Ansin, nuair a tháinig siad uilig³ le chéile, cruthaíodh *capoeira*. Ceapann daoine gur damhsa atá ann ach tá sé difriúil ó na healaíona míleata eile sa chaoi is go bhfuil sé déanta le ceol agus amhránaíocht.

Eibhlín Ní Choistealbha

Agus í nach mór seacht mbliana fichead ag plé le *capoeira* anois, bronnadh gradam speisialta ardleibhéil, an crios sa ghrád is airde, ar Yvonne sa Ghaillimh an deireadh seachtaine seo – an chéad uair riamh go mbronnadh⁴ a leithéid ar aon bhean lasmuigh den mBrasaíl. Tá Yvonne ar an gcéad Éireannach ina grúpa *capoeira* leis an aitheantas a fháil agus an teideal *contramestre* anois baiste uirthi, í ina máistir *capoeira*.

Yvonne Ní Laife, An Fhairche

Tá sé seo fíorthábhachtach do mhná, do na *capoeiristas* - baineann, ar fud an domhain. Tá an gradam seo faighte ag roinnt mhaith fear ach níl sé faighte ag aon bhean taobh amuigh den Bhrasaíl, i mo ghrúpa, go dtí inniu. Is rud mór millteach é i mo shaol, i ndáiríre; is rud é go bhfuil mé ag oibriú ina threo le beagnach seacht mbliana is fichead. Anois is *contramestre* mé, *Contramestre Andorinha*,⁵ agus is mór an onóir dom é.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá Yvonne líofa i bPortaingéilis na Brasaíle anois agus déanann sí iarracht an Ghaolainn⁶ agus cultúr na hÉireann a mheascadh isteach ina cuid *capoeira*. Deir Yvonne, a bhíonn ag múineadh ranganna *capoeira* do dhaoine óga agus fásta sa Ghaillimh, go bhfuil rud éigin ann do gach éinne.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4

¹ Canúint na Mumhan atá ag Siún agus ag Eibhlín; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh 'den' agus 'don', agus urú ar ainmfhocail dar tús 'd' agus 't'.

² a dhein = leagan canúnach de 'a rinne'

³ uilig = leagan canúnach de 'uile'

⁴ go mbronnadh = leagan canúnach de 'gur bronnadh'

⁵ Sin a hainm sa *capoeira* agus ciallaíonn sé 'fáinleog' sa Phortaingéilis.

⁶ an Ghaolainn = leagan canúnach de 'an Ghaeilge'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Taispeáin na pictiúir do na foghlaimeoirí agus abair leo iarracht a dhéanamh na healaíona comhraic a aithint ina mbeirteanna. Freagraí: *capoeira* (barr ar chlé), *júdó* (barr ar dheis), *karate* (bun ar chlé), *taekwondo* (bun ar dheis).

B: FOCLÓIR

- Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leis na foghlaimeoirí le haon deacracht foghraíochta a bheadh acu. Ná tabhair na leaganacha Béarla do na foghlaimeoirí go fóill. Abair leo go gcuideoidh comhthéacs na míre leo na focail a thuiscint.
- Tabhair deis do gach beirt na focail a phlé le chéile tar éis na chéad féachana agus brí na bhfocal a dhéanamh amach le chéile.

Gaeilge	Béarla	Gaeilge	Béarla
iar-aisteoir	<i>former actor</i>	crios	<i>belt</i>
gleacaíocht	<i>gymnastics</i>	aitheantas	<i>recognition</i>
iarláithreoir	<i>former presenter</i>	baiste	<i>named, given (a title)</i>
ó dhúchas	<i>originally, by birth</i>	baineann	<i>female</i>
sclábhaithe	<i>slaves</i>	líofa	<i>fluent</i>
cruthaíodh	<i>was created</i>		

- Abair leo na habairtí a dhéanamh. Mínigh dóibh gurb iad na focail atá díreach pléite acu atá sa tábla. Bí cinnte ag an bpointe seo go bhfuil na leaganacha cearta Béarla scríofa acu sna colúin chuí. Freagraí:
 - Fuair sí **crios** dubh sa júdó tar éis deich mbliana traenála. (A)
 - Is as Corcaigh í **ó dhúchas**, ach tá cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath le fiche bliain. (C)
 - Ar an bhfoirm, caithfidh tú tic a chur le ‘fireann’ nó ‘**baineann**’. (B)
 - Léigh Síle an aimsir ar an teilifís ar feadh deich mbliana. Is **iarláithreoir** aimsire anois í. (A)
 - Tá Fraincis **líofa** ag Pádraig. Labhraíonn sé í gan stró ar bith. (C)
 - Fuair na haltraí **aitheantas** faoi dheireadh as an obair chrua a rinne siad. (B)
 - Fadó, tógadh na milliúin daoine ón Afraic agus díoladh iad mar **sclábhaithe**. (A)
 - Bhí Dara ina aisteoir ar an gclár sin go dtí anuraidh. Is **iar-aisteoir** anois é. (B)
 - Rugadh mac do Sheán agus do Mháire, agus tá an t-ainm Oisín **baiste** air. (A)
 - Bíonn gluaiseachtaí fisiciúla agus acrobatacha i gceist le **gleacaíocht**, agus is spórt Oilimpeach í. (C)
 - Cruthaíodh** spórt nua nuair a mheasc siad an pheil agus an rugbaí le chéile. (B)

4. C. Ciallaíonn *beagnach* agus *chóir a bheith 'nearly, almost'*, díreach cosúil le *nach mór* sa mhír (*Agus í nach mór seacht mbliana fichead ag plé le capoeira*). Ciallaíonn **an-mhór** 'very big'.
5. Bréagach: ii, iv agus vi. Fíor: i, iii, v agus vii.
 - **ii.** Is ar Naomh Nioclás atá Daidí na Nollag bunaithe, agus rugadh é i bPatara, sa Tuirc mar atá sí inniu. Tá a thaisí in Bari na hIodáile, áfach – sin an fáth a bhfuil an ceann seo casta!
 - **iv.** Rugadh Emma Watson i bPáras na Fraince, cé gur i Sasana a tógadh í. Is Briotanaigh iad a tuismitheoirí. Is deis mhaith í seo chun an difríocht idir *rugadh i* agus *de bhunadh a phlé*.
 - **vi.** Is de bhunadh na hAirgintíne agus Uragua é an *tango*.
 - **Fíor:** Is de bhunadh na Brasaíle an *samba*; ba ón gCéinia d'athair Obama agus ba as Éirinn sinsir a mháthar; is ó Thuaisceart na hAfraice an cúscús (an Ailgéir, Maracó, an Túinéis); rugadh Taylor Swift in Pennsylvania.

C: TUISCINT

Freagraí:

1. Bronnadh an teideal <i>contramestre</i> ar Yvonne Ní Laife. Cén fáth a bhfuil sé sin suimiúil, dar le Siún?
<i>Is í an chéad bhean lasmuigh den Bhrasaíl (ina grúpa capoeira) a fuair an teideal seo – teideal máistir capoeira.</i>
2. Luaigh dhá rud a bhíonn measctha le chéile sa <i>capoeira</i> .
<i>Trodaíocht chomhraic (troid) / rince / gleacaíocht / ceol.</i>
3. Sa bhliain 2026 a bronnadh an gradam seo ar Yvonne. Cén bhliain a ndearna sí a céad rang <i>capoeira</i> ?
A
4. Bhí Yvonne ina láithreoir spóirt ar TG4.
<i>B. Bhí sí ina láithreoir aimsire ar TG4 (agus ina haisteoir le Ros na Rún).</i>
5. Cé a bhí ag imirt <i>capoeira</i> ar dtús, dar le Yvonne?
<i>Daoine a tógadh ón Afraic go dtí an Bhrasaíl mar sclábhaithe.</i>
6. Cén difríocht atá idir <i>capoeira</i> agus na healaíona comhraic eile, dar léi?
C
7. Cá fhad atá Yvonne ag plé le <i>capoeira</i> ?
<i>Beagnach seacht mbliana fichead (ó 2000).</i>
8. Cad a dhéanann Yvonne iarracht a dhéanamh ina cuid ranganna <i>capoeira</i> ?
A

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (Na réamhfhocail shimplí)

a) Freagraí:

Réamhfhocal + ainmfhocal	Sa mhír	An t-athrú
ar + bean	<i>ar bhean</i>	<i>séimhiú</i>
do + mná	<i>do mhná</i>	<i>séimhiú</i>
de + bunadh	<i>de bhunadh</i>	<i>séimhiú</i>
ó + dúchas	<i>ó dhúchas</i>	<i>séimhiú</i>
i + Cathair na Gaillimhe	<i>i gCathair na Gaillimhe</i>	<i>urú</i>
i + grá	<i>i ngrá</i>	<i>urú</i>
i + Portaingéilis	<i>i bPortaingéilis</i>	<i>urú</i>
le + ceol	<i>le ceol</i>	<i>gan athrú</i>

Nóta: Ní shéimhítear **sc, sp, st, sm** riamh (*mar sclábhaithe, do spórt*). Ní chuirtear urú ar **l, m, n, r, s** (*i loch, i Sligeach*).

b) Freagraí:

Séimhiú	Urú	Gan athrú
<i>ar***</i>	<i>i**</i>	<i>ag</i>
<i>de</i>		<i>as</i>
<i>do</i>		<i>chuig</i>
<i>faoi</i>		<i>go*</i>
<i>mar</i>		<i>le*</i>
<i>ó</i>		
<i>roimh</i>		
<i>thar</i>		
<i>trí</i>		

* Cuireann *le* agus *go h* roimh ghuta (*le hÁine, go hÁrainn*). **Roimh ghuta, scríobhtar *in* in áit *i* (*in Éirinn*). ***Ní chuirtear séimhiú i ndiaidh *ar* nuair a bhíonn ionad ginearálta nó am nó coinníoll i gceist (*ar mire, ar bord, ar siúl, ar maidin, ar ball*).

c) Freagraí:

- Téim go dtí rang *capoeira* i nGaillimh gach Máirt.
- Thug mé crios nua **do Phádraig**.
- Bhí mé ag caint **le hÁine** faoin rang.
- Fuair mé ticéad don chluiche **ó chara** liom.
- Bíonn sé ag caint **ar pheil** an t-am ar fad.
- Tá cónaí ar Yvonne **in Éirinn**, ach tá Portaingéilis líofa aici.
- Bhí sí ag obair **mar mhúinteoir** damhsa.

- viii. Chuaigh siad **go hÁrainn** ar a laethanta saoire.
- ix. Téim ag rith **i bpáirc** mhór gach maidin.
- x. Fuair mé bronnantas álainn **ó Dheirdre**.

E: CUMARSÁID

1: Caint – Roda na Gaeilge

Is gníomhaíocht bhríomhar í seo chun fuinneamh a chur sa rang. Bog na boird agus na cathaoireacha as an mbealach más féidir. Seinn ceol *capoeira* sa chúlra (cuardaigh ‘*capoeira roda música*’ ar YouTube); bíonn an *berimbau* – uirlis cheoil le téad amháin – i lár an cheoil i gcónaí. Tosaigh go mall leis an mbualadh bos agus méadaigh an luas de réir a chéile.

Catagóirí samplacha: spóirt, caitheamh aimsire, bia, baill an choirp, tíortha, éadaí, rudaí sa seomra ranga, briathra. Is féidir cuid D a athchleachtadh freisin: abair réamhfocal (m.sh. *do*) agus caithfidh siad ainmfocal a rá leis (*do mhná, do Sheán, do pháistí ...*).

2: Caint – Spórt nua a chruthú

Tabhair deich nóiméad do na grúpaí an spórt a chruthú agus spreag iad chun a bheith chomh craiceáilte agus is mian leo! Scríobh ainmneacha na spórt nua ar an gclár bán le linn na gcur i láthair agus comhair na vótaí ag an deireadh. Sampla:

Karióga! (Ióga-Karaoke)

Is meascán d’ioga agus de karaoke é. Imrítear é i halla mór agus bíonn ceathrar i ngach foireann. Caithfidh tú amhrán a chanadh agus tú i do sheasamh ar chos amháin. Ní cheadaítear titim! Má thiteann tú, caithfidh tú tosú arís. Níl ag teastáil ach mata ióga agus micreafón. Is spórt iontach é mar bíonn tú ag gáire an t-am ar fad!

3: Scríobh

Abair leo an teachtaireacht a scríobh. Freagra samplach:

A Shíle, a chara,

Cén chaoi a bhfuil tú? Ar mhaith leat teacht chuig rang trialach liom Dé Sathairn seo chugainn? Is spórt nua é: Karióga! Cruthaíodh é nuair a mheasc mo ghrúpa sa rang Gaeilge ióga agus karaoke le chéile. Beidh an rang ar siúl ar a deich a chlog i halla an phobail i nGaillimh. Tabhair leat mata ióga agus buidéal uisce. Bainfidh tú an-taitneamh as, geallaim duit! Bíonn gach duine ag gáire an t-am ar fad!

Feicfidh mé ansin thú,

Niamh

Cuir béim ar na réamhfhocail shimplí (*chuig rang, i halla, i nGaillimh*).

4: Cad a d’fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.